CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2542 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Nollaig 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 lena n-údaraítear don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 ([2]) ón gComhairle, tugadh údarú don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE chun daoine inchánach nach mó a láimhdeachas bliantúil ná EUR 25 000 a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha (CBL) ("an beart speisialta").

(2) Tá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 le dul in éag an 31 Nollaig 2022. Le litir dar dáta an 23 Lúnasa 2022, d'iarr an Ísiltír údarú chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse bhreise go dtí an 31 Nollaig 2024, an dáta faoina bhfuil na Ballstáit chun Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle ([3]) a thrasuí. Maidir leis an soláthar earraí agus seirbhísí a dhéanann daoine inchánach nach mó a láimhdeachas bliantúil ná EUR 85 000 nó choibhéis san airgeadra náisiúnta, de thoradh na Treorach sin, ón 1 Eanáir 2025, ceadófar do na Ballstáit an soláthar sin a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

(3) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Ísiltír chuig na Ballstáit eile, cé is moite den Spáinn, le litir dar dáta an 25 Lúnasa 2022. Le litir dar dáta an 26 Lúnasa, tharchuir an Coimisiún an iarraidh sin chuig an Spáinn. Le litir an 29 Lúnasa 2022, thug an Coimisiún fógra don Ísiltír go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(4) Tá an beart speisialta i gcomhréir le Treoir 2006/112/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2020/285, lena bhféachtar leis an ualach comhlíontachta ar fhiontair bheaga a laghdú agus saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint.

(5) Leanfaidh an beart speisialta de bheith roghnach do dhaoine inchánach toisc go bhféadfaidh siad na gnáthshocruithe CBL a roghnú de bhun Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE.

(6) De réir na faisnéise arna cur ar fáil ag an Ísiltír, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailíonn an Ísiltír ag céim an tomhaltais deiridh.

(7) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle ([4]), ní dhéanfaidh an Ísiltír aon ríomh ar chúiteamh maidir leis an ráiteas faoin acmhainn dhílis CBL-bhunaithe le haghaidh bhliain airgeadais 2022 agus ina dhiaidh sin.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 lena n-údaraítear don Ísiltír beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 310, 6.12.2018, lch. 25).

([3]) Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9).

(8) Ós rud é go raibh tionchar dearfach ag an mbeart speisialta ar shimpliú na n-oibleagáidí a bhaineann le CBL, agus ós rud e gur laghdaigh sé an ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta d'fhiontair bheaga agus d'údaráis chánach araon, agus ós rud é nach mbeidh aon éifeacht mór aige ar an ioncam CBL iomlán a ghinfear, is iomchuí údarú a thabhairt don Ísiltír a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904

(9) Ba cheart teorainn ama a bheith le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta. Ba cheart an teorainn ama a bheith leordhóthanach chun go mbeidh an Coimisiún in ann meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht agus ar oiriúnacht na tairsí reatha. Thairis sin, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2020/285, tá na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2024, leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú chun Airteagal 1 den Treoir sin a chomhlíonadh, agus tá siad leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, údarú a thabhairt don Ísiltír an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1904:

"*Airteagal 2*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2024.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA